BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA NA HEORPA

Tá an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) comhdhéanta de BCE agus bainc cheannais náisiúnta Bhallstáit uile AE. Is é príomhchuspóir CEBC cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Chun a phríomhchuspóir a ghnóthú bunaíonn Comhairle Rialaitheach BCE a cinntí ar straitéis dhá cholún um beartas airgeadaíochta agus cuireann sí chun feidhme iad trí úsáid a bhaint as bearta airgeadaíochta caighdeánacha agus neamhchaighdeánacha araon. Is iad príomhionstraimí bheartas airgeadaíochta BCE ná oibríochtaí margaidh oscailte, saoráidí seasmhacha agus sealbhú cúlchistí íosta. Mar fhreagra ar an ngéarchéim airgeadais, d'athraigh BCE a straitéis cumarsáide trí réamhthreoir a sholáthar maidir le beartas ráta úis BCE a stiúradh amach anseo ag brath ar a bhfuil i ndán do chobhsaíocht praghsanna agus tá líon áirithe beart airgeadaíochta neamhchaighdeánach glactha aige. I measc na mbeart sin, tá ceannach sócmhainní agus bannaí ceannasacha ar an margadh tánaisteach agus é mar chuspóir cobhsaíocht praghsanna agus éifeachtacht an tsásra tarchurtha beartais airgeadaíochta a choimirciú.

AN BUNÚS DLÍ

— Airteagail 119-144, 219 agus 282-284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— Prótacal (Uimh. 4) a ghabhann le Conradh Liospóin maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE).

CUSPÓIRÍ

Is é príomhchuspóir CEBC faoi Airteagal 127(1) CFAE ná cobhsaíocht praghsanna a ráthú. Gan dochar don chuspóir sin, tacaíonn CEBC leis an mbeartas eacnamaíoch ginearálta san Aontas d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí an Aontais a ghnóthú. Gníomhaíonn CEBC i gcomhréir le prionsabal an gheilleagair margaidh oscailte le saoriomaíocht, ag cuidiú le hacmhainní a leithdháileadh go héifeachtúil (Airteagal 127(1) CFAE).

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Treoirphrionsabail ghníomhaíocht BCE

1. Neamhspleáchas BCE

Leagtar amach bunphrionsabal neamhspleáchas BCE in Airteagal 130 CFAE ('ní fhéadfaidh BCE ná banc ceannais náisiúnta ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí Aontais, ó aon Rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht eile agus na cumhachtaí agus na cúraimí agus na dualgais a chuirtear orthu le Conarthaí agus le Reacht CEBC agus BCE á bhfeidhmiú agus á gcomhlíonadh'). Déantar neamhspleáchas BCE a choimeád chomh maith leis na toirmisc dá dtagraítear in Airteagal 123 CFAE, a bhfuil feidhm acu maidir leis na bainc cheannais chomh maith: tá toirmeasc ar shaoráidí rótharraingthe nó aon chineál eile creidmheasa i bhfabhar institiúidí nó comhlachtaí an Aontais, rialtais láir, údaráis réigiúnacha, áitiúla nó phoiblí eile arna rialú faoin dlí poiblí nó ag gnóthais phoiblí sna Ballstáit. Tá neamhspleáchas BCE bunaithe ar shaor-rogha na n-ionstraimí beartais airgeadaíochta. Foráiltear leis an gConradh d'úsáid ionstraimí traidisiúnta (Airteagal 18 agus Airteagal 19 den Reacht) agus ceadaítear don Chomhairle Rialaithe cinneadh a dhéanamh faoi úsáid modhanna eile (Airteagal 20 den Reacht).

2. Prionsabail na cuntasachta agus na trédhearcachta in BCE

Leis an gConradh (Airteagal 284 CFAE) agus an Reacht (Airteagal 15), déantar ceangaltais maidir le tuairisciú a fhorchur. Tarraingíonn BCE suas agus foilsíonn sé tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí CEBC uair sa ráithe ar a laghad. Foilsítear ráiteas comhdhlúite airgeadais CEBC gach seachtain. Ón tús, chuir Feasachán Míosúil BCE anailís ghrinn ar fáil ar an staid eacnamaíoch agus ar ionchas d'fhorbairtí praghsanna. I mí Eanáir, cuireadh Feasachán Eacnamaíoch nua in ionad an Fheasacháin Mhíosúil a fhoilseofar dhá sheachtain i ndiaidh gach cruinnithe maidir le beartas airgeadaíochta i bhfianaise an athraithe i mí Eanáir 2015 go dtí tréimhse sé seachtaine i gcás cruinnithe maidir le beartas airgeadaíochta den Chomhairle Rialaithe. An 19 Feabhra 2015, d'fhoilsigh BCE, den chéad uair, tuairisc ar chruinniú maidir le beartas airgeadaíochta den Chomhairle Rialaithe agus, mar thoradh air sin, rinne sé é féin a ailíniú le beartas cumarsáide de chuid príomhbhainc cheannais eile. Cuireann BCE tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí CEBC agus beartas airgeadaíochta ón mbliain roimhe agus ón mbliain reatha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Tá BCE cuntasach do Pharlaimint na hEorpa agus tagann comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE os a comhair go minic.

3. Rialacha vótála i gComhairle Rialaithe BCE (Airteagal 10(2) den Reacht)

Bhíodh an prionsabal 'comhalta amháin, vóta amháin' i bhfeidhm sa Chomhairle Rialaithe. Faoi Chonarthaí AE, bhí córas rothlach le cur chun feidhme mar chuid de chóras vótála Chomhairle Rialaithe BCE chomh luath agus a sháródh líon na dtíortha sa limistéar euro 18, rud atá amhlaidh ón 1 Eanáir 2015, nuair a chuaigh an Liotuáin isteach sa limistéar euro. Is é is bun leis an rothlú ná éifeachtacht chóras cinnteoireachta BCE a áirithiú le líon níos mó rannpháirtithe. Roinntear ceithre cheart vótala idir na Gobharnóirí ó na tíortha sa limistéar euro atá rangaithe ón gcéad áit go dtí an cúigiú háit de réir mhéid a ngeilleagar agus mhéid a n-earnálacha airgeadais

(faoi láthair is iad sin an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Spáinn, agus an Ísiltír na tíortha sin). Roinneann na tíortha eile (14 thír faoi láthair) 11 cheart vótála. Glacann na Gobharnóirí sealanna chun úsáid a bhaint as na cearta gach mí ar bhonn uainíochta. Tá cearta vótála buana ag comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE.

B. Straitéis BCE um beartas airgeadaíochta

1. Forbhreathnú

An 13 Deireadh Fómhair, tháinig Comhairle Rialaithe BCE ar chomhaontú maidir le príomhghnéithe a straitéise um beartas airgeadaíochta, is iad sin (i) sainmhíniú cainníochtúil ar chobhsaíocht praghsanna, (ii) ról tábhachtach maidir faireachán a dhéanamh le fás airgid arna shainaithint ag comhiomlán airgeadaíochta agus (iii) measúnú leathan ar a bhfuiltear á thuar maidir le forbairtí praghsanna. Roghnaigh BCE straitéis airgeadaíochta bunaithe ar dhá cholún (Colún 1: anailís eacnamaíoch; Colún 2: anailís airgeadaíochta), a ndearnadh a rólanna faoi seach a shainmhíniú go soiléir an athuair le linn an athbhreithnithe ar straitéis airgeadaíochta an 8 Bealtaine 2003. Ag éisteacht phoiblí a d'eagraigh an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta an 4 Meán Fómhair 2019, d'fhógair Uachtarán nua BCE Christine Lagarde go ndéanfaí athbhreithniú ar straitéis BCE um beartas airgeadaíochta.

2. Cobhsaíocht praghsanna

Sainmhínítear cobhsaíocht praghsanna mar ráta boilscithe (méadú bliain ar bhliain in Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) don limistéar euro) faoi bhun 2%, ach gar dó, sa mheántéarma.

3. An chéad cholún den straitéis um beartas airgeadaíochta: anailís eacnamaíoch

Leis an anailís eacnamaíoch, déantar na tosca gearrthéarmacha agus meántéarmacha maidir le forbairtí praghsanna a mheasúnú. Dírítear ar fhíorghníomhaíocht agus ar choinníollacha airgeadais sa gheilleagar. San anailís eacnamaíoch, cuirtear san áireamh go mbíonn tionchar mór ag an idirghníomhú maidir le soláthar agus éileamh i margaí na n-earraí, na seirbhísí agus na dtosca ar fhorbairtí praghsanna i ndiaidh na dtréimhsí sin. Chun é sin a dhéanamh, déanann BCE athbhreithniú, inter alia, ar fhorbairtí ar an aschur iomlán, ar éileamh agus ar dhálaí mhargadh an tsaothair, ar réimse leathan táscairí praghsanna agus costais, ar an mbeartas fioscach, ar chomhordú íocaíochtaí don limistéar euro agus ar phraghsanna sócmhainní[1].

4. An dara colún den straitéis um beartas airgeadaíochta: anailís airgeadaíochta

Baineann an anailís airgeadaíochta leas as an nasc fadtréimhseach idir airgead agus praghsanna agus fónann an anailís sin go príomha mar mhodh chun na táscairí gearrthéarmacha agus meántéarmacha le haghaidh beartas airgeadaíochta a eascraíonn as an anailís eacnamaíoch a chros-seiceáil. Tá anailís mhionsonraithe ar fhorbairtí airgeadaíochta agus creidmheasa mar chuid den anailís airgeadaíochta d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a n-impleachtaí maidir le fás eacnamaíoch agus boilsciú sa todhchaí.

---

[1]Tagann cur síos an dá cholún uathu seo a leanas: Beartas airgeadaíochta BCE (2011), http://www.ecb.int/pub/pdf/other/monetarypolicy2011en.pdf

C. An beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme: ionstraimí agus nósanna imeachta

Déanann beartas airgeadaíochta BCE difear do rátaí úis ar fud an gheilleagair sa limistéar euro go hindíreach, agus go háirithe i gcás rátaí le haghaidh iasachtaí arna ndeonú ag bainc thráchtála agus i gcás taiscí coigiltis trí rátaí úis a bhunú ag a bhféadfaidh na bainc thráchtála airgead a fháil ón mbanc ceannais. Úsáideann BCE réimse ionstraimí chun a bheartas airgeadaíochta a chur chun feidhme.

1. Oibríochtaí margaidh oscailte

Tá ról tábhachtach ag oibríochtaí margaidh oscailte maidir le rátaí úis a stiúradh, staid na leachtachta sa mhargadh a bhainistiú agus seasamh ó thaobh an bheartais airgeadaíochta de a chur in iúl. Tá oibríochtaí margaidh oscailte rialta an Eorachórais comhdhéanta d'oibríochtaí aon seachtain chun leachtacht a sholáthar in euro (príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin nó MROnna) agus oibríochtaí trí mhí chun leachtacht a sholáthar in euro (oibríochtaí athmhaoinithe fhadtéarmacha nó LTROnna). Baintear úsáid as príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin chun rátaí úis gearrthéarmacha a stiúradh, staid na leachtachta a bhainistiú agus seasamh ó thaobh an bheartais airgeadaíochta de sa limistéar euro a chur in iúl; le hoibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha cuirtear athmhaoiniú fadtéarmach breise ar fáil don earnáil airgeadais.

Oibríochtaí margaidh oscailte is ea oibríochtaí mionchoigeartaithe agus oibríochtaí struchtúracha nach bhfuil chomh rialta sin. Is é is aidhm le hoibríochtaí margaidh oscailte ná déileáil le luaineacht leachtachta gan choinne sa mhargadh, go háirithe d'fhonn na héifeachtaí ar rátaí úis a dhéanamh níos socra; is é aidhm leis na oibríochtaí eile go príomha ná seasamh struchtúrach an Eorachórais vis-à-vis an earnáil airgeadais a choigeartú ar bhonn buan.

2. Saoráidí seasmhacha an Eorachórais

Cuireann saoráidí seasmhacha leachtacht le haibíocht thar oíche ar fáil nó déanann siad í a ionsú agus déanann EONIA (Meáninnéacs Euro Thar Oíche) an ráta úis éifeachtach atá i réim i margadh euro idirbhainc thar oíche a thomhas. Cuireann an tEorachóras dhá shaoráid sheasmhacha ar fáil d'institiúidí creidmheasa: an tsaoráid iasachta imeallach chun leachtacht thar oíche a fháil ón mbanc ceannais, ar shócmhainní incháilithe leordhóthanacha a chruthú, agus tsaoráid taisce chun taiscí thar oíche a dhéanamh leis an mbanc ceannais.

3. Cúlchistí íosta a shealbhú

I gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Reacht, d'fhéadfadh BCE a cheangal ar institiúidí creidmheasa a bunaíodh i mBallstáit cúlchistí a shealbhú le BCE agus le bainc cheannais náisiúnta. Is é is aidhm leis na cúlchistí íosta ná rátaí úis margaidh gearrthéarmacha a chobhsú agus ganntanas leachtachta struchtúrach a chruthú nó a mhéadú sa chóras baincéireachta vis-à-vis an tEorachóras, lena ndéanfar níos éasca é smacht a choimeád ar rátaí an mhargaidh airgid trí leachtacht rialta a leithdháileadh. Socraíonn an Chomhairle Rialaithe na modhanna ríomha agus an cinneadh maidir leis an méid is gá.

4. Bearta neamhchaighdeánacha um beartas airgeadaíochta agus freagairt i gcás géarchéime

I mí Lúnasa 2012, d'fhógair BCE go bhféadfaí idirbhearta airgeadaíochta glan amach a dhéanamh i margaí bannaí ceannasacha tánaisteacha chun tarchur beartais airgeadaíochta iomchuí a choimirciú agus aonmheanma a bheartais airgeadaíochta a chaomhnú.

Ó mhí Iúil 2013, tá BCE ag cur réamhthreorach ar fáil maidir lena bhfuil i ndán do bheartas rátaí úis. Trí réamhthreoir a chur ar fáil, tháinig athrú ábharach ar straitéis chumarsáide BCE toisc go raibh baint aige sin, ní hamháin le conas a dhéanann BCE measúnú ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus ar na rioscaí maidir le cobhsaíocht praghsanna sa mheántéarma ach leis an méid a thugtar le tuiscint ón measúnú maidir lena threo ó thaobh an bheartais airgeadaíochta de sa todhchaí freisin.

I mí an Mheithimh 2014, d'fhógair BCE sraith oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (TLTROnna) a raibh sé mar aidhm leo iasachtú bainc d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro a fheabhsú, ar feadh tréimhse dhá bhliain ar dtús. Cuireadh tús leis an dara sraith (TLTRO II) i mí an Mhárta 2016 agus leis na tríú sraith (TLTRO III) i mí an Mhárta 2019.

Ina theannta sin agus ó 2009, cuirtear roinnt cláir ceannaithe sócmhainní chun feidhme agus é mar chuspóir leo fás ar fud an limistéir euro a chothú agus iad i gcomhréir leis an aidhm rátaí boilscithe faoi bhun 2%, ach gar dó, sa mheántéarma a ghnóthú. Áirítear ar na cláir sin an clár ceannaigh earnála corparáidí (CSPP), an clár ceannaithe urrús de bhun sócmhainní (ABSPP) agus an tríú clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach (CBPP3). Is ann do chláir eile freisin, a bhfuil deireadh curtha leo anois, amhail an clár margaí urrús (SMP), clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach (CBPP) agus an dara clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach (CBPP2). Ba é luas míosúil na nglancheannachán sócmhainní ná EUR 60 billiún ar an meán ar dtús (Márta 2015-Márta 2016) agus tháinig méadú air ina dhiaidh sin go dtí EUR 80 billiún in aghaidh na míosa (Aibreán 2016-Márta 2017). Rinneadh laghdú de réir a chéile ina dhiaidh sin ar na glancheannacháin sócmhainní go dtí EUR 15 bhilliún in aghaidh na míosa (Deireadh Fómhair 2018-Nollaig 2018). I mí na Nollag 2018, chinn an Chomhairle Rialaithe stop a chur le glancheannacháin sócmhainní, agus é mar aidhm aici leanúint de bheith ag athinfheistiú na bpríomhíocaíochtaí ó urrúis atá ag teacht in aibíocht agus na glancheannacháin charnacha faoi gach clár ceannaithe sócmhainní a choinneáil ar a leibhéil faoi seach. An 12 Meán Fómhair 2019, chinn an Chomhairle Rialaithe tús a chur an athuair leis na glancheannacháin sócmhainní ag luas míosúil EUR 20 billiún ón 1 Samhain 2019, agus í ag súil go leanfaidh siad ar aghaidh chomh fada is gá chun tionchar réidh a cuid rátaí beartais a threisiú, agus go dtiocfaidh deireadh leo go gairid sula gcuirfear tús le hardú ar phríomhrátaí úis BCE.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá BCE freagrach go díreach do Pharlaimint na hEorpa. Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú ar cheithre phríomhbhealach.

De bhua Airteagal 284(3) de CFAE agus Airteagal 15(3) de Reacht CEBC, is gá d'Uachtarán BCE tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid na Parlaiminte. Is iondúil go nglacann an Pharlaimint rún maidir le tuarascáil bhliantúil BCE[2].

Tagann Uachtarán BCE os comhair Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta na Parlaiminte ceithre huaire in aghaidh na bliana le cinntí beartais BCE a mhíniú agus ceisteanna a fhreagairt ó chomhaltaí an choiste (An tIdirphlé Airgeadaíochta). Bíonn na cruinnithe oscailte don phobal i gcoitinne agus foilsítear na trasc-scríbhinní ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte agus ar shuíomh gréasáin BCE araon. Bíonn Coiste ECON ag brath ar an bPainéal Saineolaithe Airgeadaíochta chun ionchur neamhspleách agus saineolas a chur ar fáil roimh gach Idirphlé Airgeadaíochta[3].

Faoi Riail 140 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, a cuireadh ar bhonn foirmiúil tar éis comhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus BCE, féadfaidh aon Fheisire de Pharlaimint na hEorpa suas le sé cheist i gcomhair freagra i scríbhinn a cur faoi bhráid BCE gach mí.

Ar deireadh, tá ról ag Parlaimint na hEorpa sa nós imeachta ceapacháin do chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE (i.e. an tUachtarán, an Leasuachtarán agus ceithre chomhalta eile)[4].

Dirk Verbeken / Dražen Rakić / Dario Paternoster
12/2019

[2]Féach, mar shampla, an nós imeachta do thuarascáil bhliantúil 2018 BCE: https://oeil.secure.ep.parl.union.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?reference=2019/2129(INI)&l=en.
[3]Tá na páipéir arna gcur le chéile ag an bPainéal Saineolaithe Airgeadaíochta le fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/committees/ga/econ/monetary-dialogue.html.
[4]Chun tuilleadh eolais a fháil faoi ról Pharlaimint na hEorpa i gceapacháin BCE féach https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2019/638413/IPOL_STU(2019)638413_EN.pdf.